



GAEILGE IORRAIS

Preasráiteas Press Release 30.07.2019 Spriocdháta 30.08.2019	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 085 250 3321 www.gaeilgeiorrais.ie	*English language version is available on page 3.
---	---	--

Gaelchara: Scéim Meantóireachta Nua chun foghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí dúchais a chur ag obair lena chéile

An bhfuil Gaeilge na háite ar do thoil agat? An bhfuil suim agat a bheith id 'Ghaelchara' agus an tseoid nó an scil seo a roinnt le duine eile? Má tá, tá tuilleadh eolais anseo thíos maidir le scéim meantóireachta úrnua, 'Gaelchara,' atá á seoladh ag Gaeilge Iorrais chun foghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí dúchais a chur ag obair ar an teanga lena chéile.¹

Is aidhm leis an scéim deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge feabhas agus snas a chur ar a scileanna teanga trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíocht nó caitheamh aimsire leis an gcainteoir dúchais. Mar shampla, imeacht sóisialta, ag cleachtadh ceirde, ag cleachtadh spóirt nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht nó caitheamh aimsire de chineál eile. Beidh deis ag an bhfoghlaimeoir seal a chaitheamh i gcomhlúadar cainteora dhúchais (an Gaelchara) gach seachtain chun cleachtadh a fháil leis an gcanúint áitiúil, nathanna cainte agus stór focal na háite chomh maith le húsáid laethúil na Gaeilge mar theanga bheo i suíomh Gaeltachta. Tugtar aitheantas do lucht labhartha na gcanúintí áitiúla Gaeilge i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh faoin scéim seo freisin. Táthar ag súil go dtabharfar deiseanna don fhoghlaimeoir an Ghaeilge a chleachtadh le cainteoirí dúchais eile agus go gcuirfear borradh faoi

¹ Is scéim phiólótach í seo atá bunaithe ar an scéim 'Gaelchara' atá forbartha ag Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Gabhann muid buíochas ó chroí le Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola as an scéim seo a fhorbairt agus a roinnt linn. Feic, freisin, tagairt do chlár na Máistrí agus na bPrintiseach <https://aicls.org/master-apprentice-program-map/> (Ní Dhúda, 2014:60).

labhairt na Gaeilge agus na gcanúintí áitiúla Gaeilge sa Ghaeltacht seo freisin.

Beidh ar an bhfoghlaimoir agus an cainteoir dúchais **30 uair a chloig** ar a laghad a chaitheamh ag labhairt agus ag cleachtadh Gaeilge le chéile. Is féidir na huaireanta sin a dhéanamh am ar bith taobh istigh de thréimhse 4 mhí (Meán Fómhair – Nollaig 2019), ach moltar c.2 uair a chloig sa tseachtain ar a laghad a chur ar leataobh don scéim seo.

Breis Eolais:

- Tá an scéim seo oscailte do: (i) foghlaimoirí Gaeilge atá ina gcónaí i limistéar Gaeltachta Mhaigh Eo Thuaidh agus (ii) cainteoirí dúchais Gaeilge atá ina gcónaí i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh.
- Níl an scéim seo feiliúnach do ghlangosaitheoirí nó iad siúd gan bunscileanna sa Ghaeilge acu. Tabharfar tús áite d'iarthóirí a bhfuil leibhéal réasúnta Gaeilge acu.
- Beidh ar an bhfoghlaimoir agus ar an nGaelchara meastóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh trí dhialann teanga a líonadh agus taifead a dhéanamh ar dhul chun cinn.
- Ní ceart go mbeadh aon cheangal fola nó pósta idir an foghlaimoir agus an cainteoir dúchais.
- Ní mór d'iarthóirí foirm iarratais a líonadh i gcomhar lena chéile **roimh Dé hAoine 30.08.19**. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ó gaeilgeiorrais@gmail.com nó 085 250 33 21.
- Déanfaidh painéal neamhspleách measúnú ar na hiarratais agus is iad a dhéanfaidh an cinneadh.
- Tá an scéim seo teoranta toisc gur scéim phíolótach í.
- Bronnfar duais mhaith ar gach foghlaimoir Gaeilge agus cainteoir dúchais a chríochnaíonn an clár seo go sásúil.



Gaelchara: New mentoring scheme for Irish language learners and native speakers

Gaelchara is an innovative new mentoring scheme which aims to give Irish-language learners living in the North Mayo Gaeltacht an opportunity to practice and speak Irish as a living, every-day language. Over a four-month period, the learner will team-up with a native Irish speaker and they will both participate in a social, cultural or sporting activity *trí mheán na Gaeilge*, be it a craft, a pastime, a sport or other activity. Irish will be the language spoken and improved during this time. The overall objective is that the Irish language learner improves his or her spoken Irish by participating in a day-to-day activity or pastime in the company of a native speaker (his or her Gaelchara) in a Gaeltacht setting.

The learner will have the opportunity to practice their Irish and improve their Irish language skills. The learner will spend time with their Gaelchara each week to become more competent in the local dialect of Irish, phrases, terminology and daily Irish language use in a Gaeltacht setting. Furthermore, it is hoped that the native speaker will introduce the learner to other situations where Irish is spoken as a community language so that the learner has the opportunity to speak Irish in an informal setting with daily speakers. Over time, it is hoped a pattern will be established where the learner has a wide range of speakers with whom he or she can speak Irish. The native speaker and the learner are required to commit to a minimum of **30 hours over a 4-month period** (September – December 2019). A minimum of 2 hours contact time per week is also advised.

Further information

- This scheme is only open to habitual residents of the North Mayo Gaeltacht who are committed to learning and improving their Irish and to native speakers of Irish from the North Mayo Gaeltacht.
- This scheme is not suitable for total beginners or those who do not have basic skills in Irish. Priority will be given to those who have a reasonable grasp of the Irish language.
- The learner and Gaelchara mentor must each provide regular monthly reports on their progress, which will be done by keeping a language diary to record progress and outcomes.
- Applicants should not be related to one and other.
- Applicants should submit their completed application form before **Friday 30.08.2019**. The application form is available from gaeilgeiorrais@gmail.com or 085 250 3321.
- An independent panel will assess all applications and will also decide on the awards.
- This is a pilot scheme and therefore limited.
Prizes will be awarded to every learner and native speaker that successfully complete the program.

(CRÍOCH/END)